Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13416/26**

**POLCOM 340**
**SERVICES 58**
**COLAC 117**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 486 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Cósta Ríce |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 486 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 486 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2026
COM(2026) 486 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Cósta Ríce**

GA GA

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

I ngeall ar dhigitiú an gheilleagair tá athrú ag teacht ar scála, raon feidhme agus luas na trádála idirnáisiúnta. De bharr an digitithe, is féidir le gnólachtaí earraí agus seirbhísí a chur ar fáil do líon níos mó custaiméirí agus na hearraí agus na seirbhísí sin a dhíol leo, agus cuirtear go mór leis an rogha atá ag tomhaltóirí. Ina theannta sin, cuireann sé ar a gcumas do ghnólachtaí uirlisí digiteacha nua nuálacha a úsáid chun bacainní ar an bhfás a shárú. Go háirithe, baineann fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) tairbhe as na deiseanna sin agus is féidir leo a bheith níos comhtháite i slabhraí luacha domhanda.

Tá méadú ag teacht ar thábhacht trádála earraí agus seirbhísí i ngeall ar mheáin leictreonacha ('trádáil dhigiteach'[1]) ar scála domhanda. Baineann an trádáil dhigiteach le seachadadh fisiciúil earraí agus seirbhísí is féidir a cheannach go digiteach (amhail leabhar a cheannach trí ardán idirlín) mar aon le seachadadh digiteach earraí agus seirbhísí (amhail bogearraí, ríomhleabhair nó sreafaí sonraí), lena ndéantar idirbhearta idir gnólachtaí agus idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Meastar gurb é atá sa Trádáil Dhigiteach thart ar 25 % den trádáil idirnáisiúnta go léir agus tá sí ag fás ar luas níos gasta ná an trádáil thraidisiúnta. Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le honnmhairí agus allmhairí seirbhísí atá insoláthartha go digiteach, arbh é a bhí iontu EUR 1,7 trilliún in 2024, nó 58 % de thrádáil iomlán an Aontais i seirbhísí.

I mí na Nollag 2024, thug 71 chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') caibidlíocht i gcrích le haghaidh an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthráchtáil. An 28 Márta 2026, dhearbhaigh 67 gcomhalta de EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce, go raibh sé ar intinn acu an Comhaontú maidir le Ríomhthráchtáil a chur chun feidhme a luaithe is féidir, faoi réir a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche. Léiríonn rannpháirtíocht an Aontais agus Chósta Ríce an t-ailíniú leathan ar phríomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an trádáil dhigiteach chomh maith leis an tacaíocht chomhroinnte do chreat ardchaighdeáin.

Is dlúth-chomhpháirtithe iad an tAontas agus Cósta Ríce, agus colún trádála an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir mar bhonn taca lena gcaidreamh eacnamaíoch, atá á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann agus a tháinig i bhfeidhm go hiomlán an 1 Bealtaine 2024. Tá Cósta Ríce ar cheann de na geilleagair is forbartha agus is nuálaí ó thaobh cúrsaí digiteacha de i Meiriceá Laidineach, le hearnáil láidir seirbhísí, geilleagar digiteach atá ag fás agus éiceachóras seanbhunaithe le haghaidh seirbhísí monaraíochta agus gnó ardluacha. Ó cuireadh an colún trádála i bhfeidhm go sealadach, tá fás tapa tagtha ar thrádáil seirbhísí déthaobhacha freisin, agus tháinig méadú 280 % ar onnmhairí seirbhísí an Aontais chuig Cósta Ríce agus méadú 281 % ar allmhairí idir 2013 agus 2024[2]. Tá Cósta Ríce ina cheann scríbe tarraingteach d'infheistíocht Eorpach freisin, go háirithe i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Is léiriú níos mó agus níos mó í an trádáil dhéthaobhach ar aistriú Chósta Ríce i dtreo

---

[1] Ar bhonn idirnáisiúnta is minic a úsáidtear an téarma 'trádáil dhigiteach' go hidirmhalartach le 'ríomhthráchtáil'.

[2] Eurostat [Trádáil idirnáisiúnta i seirbhísí (ó bhí 2010 ann)](#).

monaraíocht ardluacha, agus is táirgí neamhthalmhaíochta a bhí i gceist le thart ar dhá thrian d'onnmhairí na tíre chuig an Aontas in 2025[3].

Tá acmhainneacht shuntasach ag baint le rialacha uaillmhianacha maidir le trádáil dhigiteach a chaibidliú le Cósta Ríce chun trádáil dhigiteach trasteorann idir an tAontas agus Cósta Ríce a éascú a thuilleadh, bacainní rialála a laghdú, deiseanna nua a chruthú do ghnólachtaí an Aontais, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, agus muinín tomhaltóirí as an ngeilleagar digiteach a neartú.

Cuirtear an moladh seo faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ionas go bhfaighidh an Coimisiún údarú chun tús a chur le caibidlíocht dhéthaobhach le Cósta Ríce maidir le comhaontú trádála digití, chun treoracha caibidlíochta a chur ar fáil, agus chun an Coimisiún a cheapadh mar idirbheartaí. Is é is aidhm don mholadh agus do na treoracha caibidlíochta atá beartaithe a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann dul i mbun caibidlíochta le Cósta Ríce maidir leis na saincheisteanna trádála digití a mhol na páirtithe sin le linn na caibidlíochta, agus lánurraim á tabhairt do *acquis* an Aontais, lena n-áirítear an creat maidir le cosaint sonraí pearsanta, agus do roghanna beartais an Aontais sa chaibidlíocht trádála. Is iad cuspóirí an Aontais maidir leis an gcaibidlíocht an trádáil dhigiteach dhéthaobhach a fheabhsú, oibríochtaí gnólachtaí a éascú, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, agus muinín na dtomhaltóirí sa timpeallacht ar líne a neartú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuidíonn an tionscnamh leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas 'lánpháirtiú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile'.

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le Compás Iomaíochais an Aontais, ina leagtar amach straitéisí chun slabhraí soláthair a éagsúlú agus a dhaingniú trí raon nua comhpháirtíochtaí um thrádáil agus infheistíocht ghlan a fhorbairt[4].

Tá sé ag teacht freisin le cur chuige Straitéiseach an Aontais chun slándáil eacnamaíoch na hEorpa a neartú, lena gcuirtear i dtábhacht an gá atá leis an gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo a neartú ar fud an domhain, go déthaobhach agus go hiltaobhach araon[5].

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta ina luaitear nach bhfuil máistreacht ag aon náisiún aonair ar gach gné de shlabhra luacha na teicneolaíochta san iomaíocht dhomhanda leanúnach le haghaidh ardcheannas teicneolaíochta. Bíonn an tírdhreach ag athrú de shíor mar gheall ar an nuálaíocht agus ar an iomaíocht. Dá bhrí sin, comhar agus trádáil idirnáisiúnta le príomh-chomhpháirtithe agus le comhghuaillithe, mar aon le straitéisí éagsúlaithe agus bainistithe riosca éifeachtacha, tá siad ríthábhachtach chun cuspóirí teicneolaíochta agus digiteacha an Aontais a chur chun cinn[6].

Tá sé comhsheasmhach leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir agus comhlánaíonn sé é, ar comhaontú é lenar feabhsaíodh agus lenar léirscaoileadh cheana

[3] Eurostat Trádáil an Aontais ó bhí 1988 ann.
[4] An Coimisiún Eorpach. An Compás Iomaíochais. An Compás Iomaíochais – an Coimisiún Eorpach.
[5] JOIN(2025) 977 final (3.12.2025).
[6] JOIN(2025) 140 final (5.6.2025).

an caidreamh trádála déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce, ach nach ndéantar foráil ann maidir le rialacha cuimsitheacha i ndáil leis an trádáil dhigiteach.

Cuireann an tAontas disciplíní rialála uaillmhianacha maidir leis an trádáil dhigiteach chun cinn go córasach ina chaibidlíocht faoin tsaorthrádáil. Leanann na treoracha caibidlíochta atá beartaithe cur chuige comhsheasmhach de réir mar a shaothraigh an tAontas dá chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Trádála Digití le Singeapór agus leis an gCóiré Theas le déanaí[7], agus don chaibidlíocht leanúnach le Ceanada[8]. Ar an gcaoi chéanna, leanann na treoracha caibidlíochta atá beartaithe an cur chuige atá á shaothrú le haghaidh caibidlí digiteacha den chaibidlíocht maidir le comhaontuithe saorthrádála, lena n-áirítear mar a tugadh i gcrích le déanaí leis an India sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an India, leis an Indinéis sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Cuimsithí (CEPA), leis an Astráil, sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Astráil, agus leis an Ríocht Aontaithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, leis an tSile sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile, agus leis an Nua-Shéalainn le haghaidh an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn.

Tá an tionscnamh comhsheasmhach freisin leis an gcaibidlíocht a rinneadh roimhe seo maidir le ríomhthráchtáil i measc chomhaltaí EDT agus leis an gComhaontú iltaobhach maidir le Ríomhthráchtáil a eascraíonn as sin[9].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann na treoracha caibidlíochta le reachtaíocht an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i réimse na trádála digití agus tá siad ag teacht go hiomlán leis an reachtaíocht sin. Deimhnítear freisin sna treoracha caibidlíochta atá beartaithe gur cheart aon riail nó gealltanas arna gcomhaontú ag an Aontas a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus gur cheart go gcaomhnófaí leo an tsaoirse beartais is gá chun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Tá siad comhsheasmhach leis an Dearbhú Eorpach maidir le cearta agus prionsabail dhigiteacha a shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an 15 Nollaig 2022, a bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas é a chur chun cinn ina chaidreamh trádála idirnáisiúnta[10]. Tá sé sin ailínithe leis na cuspóirí a leagtar amach i Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta an Aontais chun claochlú digiteach na hEorpa a threorú ar fud an domhain.

Cuireann na disciplíní a mholann an tAontas sa chaibidlíocht dhéthaobhach le reachtaíocht an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i réimse na trádála digití agus tá siad ag teacht go hiomlán leis an reachtaíocht sin.

Deimhnítear sna treoracha caibidlíochta atá beartaithe gur cheart aon riail nó gealltanas arna gcomhaontú ag an Aontas a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais.

---

7 COM(2023) 230 final 9 (14.4.2023).

8 COM(2025) 480 final (10.9.2025).

9 https://www.consilium.europa.eu/media/39504/st08993-en19.pdf.

10 An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití 2023/C 23/01, IO C 23, 23.1.2023, lgh. 1-7.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE bunús dlí an chinnidh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Le hAirteagal 218(4) CFAE, foráiltear go bhféadfadh an Chomhairle 'treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach foláir an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis'.

Molann an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann leis an trádáil dhigiteach. Tá an Coimisiún le hainmniú mar idirbheartaí.

- **Bunús dlí substainteach**

Tagann an gníomh seo faoin gcomhbheartas tráchtála agus, dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír de 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tagann an gníomh seo faoin gcomhbheartas tráchtála faoi Airteagal 207 CFAE. Dá bhrí sin, tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas. Is réimse inniúlachta eisiach de chuid an Aontais faoi Airteagal 3 CFAE é an comhbheartas tráchtála.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon

ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair ós rud é go bhfuil sé thar a bheith deacair tionchar eacnamaíoch an tionscnaimh a thomhas i gcomparáid leis an staid reatha, ós rud é go n-éascóidh na rialacha maidir le trádáil dhigiteach an caidreamh trádála déthaobhach atá léirscaoilte agus feabhsaithe cheana féin le colún trádála an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir atá ann cheana. Sa cholún trádála, atá i bhfeidhm cheana féin ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann, tá forálacha cuimsitheacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh trádáil in earraí agus seirbhísí araon, ach níl forálacha ann maidir leis an trádáil dhigiteach. Dá bhrí sin, beidh tionchar ag an tionscnamh go príomha maidir le deimhneacht dhlíthiúil bhreise a dheonú do na hoibreoirí atá i mbun trádáil dhigiteach sna hearnálacha léirscaoilte. Thairis sin, tá an raon feidhme le haghaidh cineálacha cur chuige malartacha teoranta, ós rud é go bhfuil na disciplíní atá beartaithe don chaibidlíocht an-chosúil leo siúd atá san áireamh cheana féin sna Comhaontuithe Trádála Digití le Singeapór agus leis an gCóiré, agus tá siad á gcaibidliú faoi láthair le Ceanada, chomh maith le Comhaontú EDT maidir le Ríomhthráchtáil.

Ní féidir aon togra substainteach breise a d'fhéadfadh na páirtithe eile a dhéanamh a shainaithint agus a mheasúnú *ex ante*. Ní áirítear plean cur chun feidhme sa tionscnamh ag an gcéim seo, ós rud é nach mbeidh na sonraíochtaí soiléir go dtí go mbeidh an chaibidlíocht tugtha i gcrích.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an tionscnamh, urramaítear go hiomlán Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 8 maidir le cosaint sonraí pearsanta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ag an tionscnamh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go mairfidh an chaibidlíocht go dtí 2028, agus ina dhiaidh sin féadfar na comhaontuithe maidir le rialacha trádála digití a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm do na forálacha a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar caibidlíocht a thosú agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí.

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Cósta Ríce**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá caidreamh eacnamaíoch domhain dinimiciúil idir an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce. Is comhpháirtí trádála tábhachtach de chuid an Aontais Eorpaigh i réigiún Mheiriceá Láir é Cósta Ríce. Tá Colún Trádála an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Láir i bhfeidhm go sealadach maidir le Cósta Ríce ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann. Cé go gcuirtear creat cuimsitheach ar fáil leis an gComhaontú sin maidir leis an trádáil in earraí agus seirbhísí idir na Páirtithe, níl rialacha cuimsitheacha maidir leis an trádáil dhigiteach ann.

(2) I mí an Mhárta 2023, sheol an tAontas Eorpach agus réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun an comhar a neartú ar fud raon iomlán na saincheisteanna digiteacha agus na saincheisteanna a bhaineann leis an spás. Laistigh den chreat sin, rinne an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce a gcomhar a dhoimhniú i réimsí lena n-áirítear an chibearshlándáil, an nuálaíocht dhigiteach agus an intleacht shaorga dhuinelárnach.

(3) Léirigh Cósta Ríce tiomantas láidir don chlaochlú digiteach agus don rialachas digiteach idirnáisiúnta, lena n-áirítear le linn a Chathaoirleachta ar Chomhairle Aireachta ECFE in 2025.

(4) D'éirigh leis an Aontas Eorpach rialacha maidir le trádáil dhigiteach a ionchorprú i roinnt comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha le tríú tíortha, chomh maith le Comhaontuithe Trádála Digití le Singeapór agus leis an gCóiré. Thairis sin, tugadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú iltaobhach maidir le Ríomhthráchtáil in EDT i gcrích i mí Iúil 2024 agus tá na bearta is gá á ndéanamh ag a Pháirtithe, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus Cósta Ríce, faoi láthair chun a chur i bhfeidhm sealadach a áirithiú go dtí go n-ionchorprófar é i gcreat dlíthiúil EDT.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [dáta na tuairime][11].

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí údarú a thabhairt don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le disciplíní trádála digití ceangailteacha atá comhleanúnach leis

[11] IO C [...], [...], lch. [...].

na comhaontuithe sin agus na cuspóirí céanna a shaothrú a bhfuil sé ar intinn ag an Aontas Eorpach a bhaint amach sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Údaraítear leis seo don Choimisiún comhaontú trádála digití a chaibidil, thar ceann an Aontais, le Cósta Ríce.

2. Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste speisialta dá bhforáiltear sa tríú fomhír d’Airteagal 207(3) CFAE.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*